Tionól Teagaisc 2019

# Ag Cothú Scil na Scríbhneoireachta

@PDSTGaeilge

## Aidhmeanna na Ceardlainne

Ag deireadh na ceardlainne seo, beidh tuiscint níos fearr agat ar:

- an gcur chuige 4 chéim is coitianta a mholann teangeolaithe maidir le cothú scil na scríbhneoireachta
- an bpróiseas scríbhneoireachta agus dea-chleachtas inmholta ina leith
- na seánraí litríochta/scríbhneoireachta

## Eochairtheachtaireachtaí


- Ba chóir go mbeadh sprioc ag gach tasc scríbhneoireachta agus tuiscint ag an scríbhneoir ar a lucht léite.
- Caithfear na scileanna scríbhneoireachta a mhúineadh go sonrach agus a fhorbairt céim ar chéim.
- Moltar na seánraí agus na critéir ratha a bhaineann leo, a aithint tríd an léitheoireacht roimh thabhairt faoin scríbhneoireacht.

## Spreagadh scríbhneoireachta

Conas a thugann tú faoi thascanna scríofa sa seomra ranga?

Cad iad na dúshláin a bhaineann leis?




*"Successful instructed language learning requires extensive input" (Ellis 2005)*

## Ceithre Chéim sa Phróiseas Scríbhneoireachta

Aithnítear 4 chéim a bhaineann leis na cineálacha éagsúla scríbhneoireachta agus leis an leagan amach a úsáidtear:

1. Cumasú
2. Sampla – aithris
3. Comhscríbhneoireacht
4. Scríbhneoireacht neamhspleách

***Scaffolding Language, Scaffolding Learning le Pauline Gibbons 2002***

## Céim 1: Cumasú

Ní mór an scoláire a chumasú agus a scileanna scríbhneoireachta a fhorbairt trí réimse leathan gníomhaíochtaí labhartha, éisteachta, léitheoireachta, scríbhneoireachta srl, a chuirfidh le scileanna teanga an scoláire chomh maith le tuiscint a fhorbairt ar na critéir scríbhneoireachta.

- Stór focal
- Nathanna
- Eolas
- Tuairimí
- Feidhmeanna teanga
- Aidhm na scríbhneoireachta
- Struchtúr/ Leagan amach
- Cruinneas/ Poncaíocht/Litriú

## Céim 2, 3 & 4


**Céim a 2 Sampla- Aithris:** béim ar aidhm na scríbhneoireachta, ar theanga chuí, ar struchtúr an phíosa scríbhneoireachta trí dhea-shamplaí a roinnt leis an scoláire.

**Céim a 3 Comhscríbhneoireacht:** Cumann na scoláirí píosa scríbhneoireachta le treoir agus le spreagadh ón múinteoir ar an gclár bán. Ba chóir an próiseas scríbhneoireachta/eagarthóireachta (dréachtú agus athdhréachtú )a mhúnlú.


**Céim a 4 Scríbhneoireacht neamhspleách:** Cleachtadh rialta agus aiseolas éifeachtach tugtha do na scoláirí agus iad ag scríobh leo féin nó le comhscoláirí, bunaithe ar chéim a 2 agus a 3 thuas chun a scileanna scríbhneoireachta a fhorbairt.

*Scaffolding Language, Scaffolding Learning le Pauline Gibbons 2002*

## Ag tógáil ar na scileanna scríbhneoireachta




## Agam, Agat, Againn
## Mise mé féin




## Féidearthachtaí sa Scríbhneoireacht

- Achoimrí
- Miniú
- Suirbhéanna
- Foirmeacha
- Irisí / Nuachtáin Ranga
- Cártaí Ócáide
- Ailt
- Scéalta/Eachtra
- Teachtaireachtaí
- Agallaimh
- Tionscnaimh
- Liostaí
- Nótaí
- Ríomhphostanna
- Dialanna
- Litreacha
- Dánta/ Filíocht/ Amhráin
- Tuairiscí
- Biachláir
- Nuacht Phearsanta
- Oidis Chócaireachta
- Léirmheasanna
- Sceitsí
- Cuirí

## Féidearthachtaí bunaithe ar an Litríocht




## Céim 3: Comhscríbhneoireacht

- Leagtar béim ar an múinteoir ag tacú leis an scoláire sa phróiseas scríbhneoireachta agus eagarthóireachta.
- Bailíonn an múinteoir moltaí agus tuairimí na scoláirí ar an gclár bán.
- Cumann na scoláirí píosa scríbhneoireachta le treoir agus le spreagadh ón múinteoir agus i gcomhpháirt lena gcomhscoláirí.
- Tá béim ar an bpróiseas scríbhneoireachta/ eagarthóireachta a mhúnlú.

*"the joint construction stage is teacher-guided, it should not be seen as teacher dominated"* ***(Pauline Gibbons)***

## An Próiseas Eagarthóireachta, Dréachtú agus athdhréachtú

**Sampla:Gaeilge na SS**


**Snáithe 1: Cumas Cumarsáide**

***T1: Toradh foghlama 1.28***

Úsáid a bhaint as scileanna eagarthóireachta mar chuid den phróiseas scríbhneoireachta, dréachtú agus athdhréachtú san áireamh

***T2: Toradh Foghlama 1.26***

Dréachtú, léamh-siar agus athdhréachtú a dhéanamh






## Dréacht 1

| Teideal | Eochairfhocail |
|---|---|
| Suíomh - Cé? Cén áit? Cén uair? | |
| Tús | |
| Fadhb | |
| Réiteach | |
| Deireadh | |



"Simply correcting the spelling of a poor piece of writing results in a correctly spelled poor piece of writing – the piece of writing itself is not substantially improved."
(Gibbons, 2002)

- **Pleanáil/Foclóir**
- **Dréacht 1**
- **Ath-léamh**
- **Súil ghéar**
- **Athdhréachtú**
- **Súil ghéar**
- **Súil eile**
- **Athdhréachtú**
- **Réidh le roinnt**

## Céim 4-Scríbhneoireacht neamhspléach (Obair aonair/Mar ghrúpa)

- Baineann na scoláirí úsáid as na scileanna atá sealbhaithe acu chun píosa scríbhneoireachta a dhéanamh go neamhspleách mar ghrúpa nó ina n-aonair
- Is féidir úsáid a bhaint as na frámaí scríbhneoireachta agus na céimeanna eagarthóireachta
- Aiseolas éifeachtach á thabhairt mar chuid den phróiseas

## Lucht Léite

*Ba chóir go mbeadh lucht léite ar leith ag gach píosa scríbhneoireachta!*

- Rang/ Múinteoir/ Príomhoide
- Taispeántais
- Clann/Cairde
- Suíomh Idirlíne na Scoile
- Cuairteoirí
- Dó/Di F(h)éin
- Comórtaisí

## Acmhainní Teagaisc agus Foghlama

Beart Briathra






www.laoisedcentre.ie/pdstpublications




Nasc leis na Mataí Gramadaí



**Foramharc ar na tacaíochtaí Iar-bhunscoile de chuid SFGM chun An Fhoghlaim a threorú sa 21ú Aois**

**Cláracha Ceannaireachta SFGM**
**Misneach**…Príomhoidí Nua
**Tánaiste**...Leas Phríomhoidí Nua
**Tóraíocht**...Ceannairí Uaillmhianacha creidiúnaithe ag Ollscoil Mhá Nuad
**Forbairt** ...Príomhoidí Oilte & ALN
**Spreagadh**...NAPD & SFGM Comhoibriú

PDST Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

**www.pdst.ie/schoolsupport**

**Suímh SFGM**
- www.pdst.ie
- pdsttechnologyineducation.ie
- scoilnet.ie (tairseach d'acmhainní
- teachercpd.ie (cúrsaí ar líne)
- ollscoil.net (ITE gradaim scoláirí)

**Féinmheastóireacht Scoile**
An Creat Teagaisc & Foghlama; An Próiseas 6 Chéim FMS ; sonraí ábhartha a bhailiú, a chomhordú & a anailísiú; An PFS do Litearthacht, Uimhearthacht agus gné ar bith eile den teagasc agus den fhoghlaim a chur i bhfeidhm

**Litearthacht**
FMS & straitéisí chun labhairt, scríbhneoireacht, léamhthuiscint, úsáid na meán craolta/digiteach trasna an churaclaim a fheabhsú

**Gaeilge**
Tacaíocht do mhúineadh & foghlaim na Gaeilge, Féinmheastóireacht Scoile chomh maith le tacaíocht lán Ghaeilge a sholáthar do scoileanna san earnáil lán Ghaeilge agus Gaeltachta .

**Uimhearthacht**
FMS & straitéisí chun fadhbréiteach, meastachán, cur chuige comónta do theanga na matamaitice agus timpeallacht ábhair uimhearachta trasna an churaclaim a chur i bhfeidhm.

**Measúnú chun Foghlama (AfL)**
Torthaí foghlama/comthéacs na foghlama/ critéir ratha; aiseolas éifeachtach; ceistiúchán; Tacsanomaíocht Bloom; straitéisí féin agus piarmheasúnaithe e.g. ruibricí

**Ábhair /Cláir & Tacaíocht Chineálach**
- Sláinte& Folláine– CO, OSPS, meabharshláinte , frithbhulaíocht agus cothú leasa & cosaint scoláirí
- Pleanáil ábhair & Tacaíocht don Teastas Sóisearach & don Ardteistiméireacht
- TSCS, IB, ATF & GCAT tacaíocht chlár
- Pleanáil Scoile (polasaithe)
- Foghlaim Chomhoibritheach
- TFC don teagasc & don fhoghlaim
- Difreáil/ teagasc ilchumais

**Comhthathú TFC**
- **Ríomhmheasúnú & ríomhphunanna** Mahara, Aipeanna Google don Oideachas
- **Ríomhphleanáil & Comhoibriú**– Aipeanna Google don Oideachas…..
- **Comhthathú Teicneolaíocht na dTáibléad**– Úsáid éifeachtach oideolaíocht......
- **Timpeallacht Fhíorúil Foghlama(TFF)** – Seomra ranga Google, Edmodo
- **FMS** Uirlisí ar líne chun sonraí ábhartha a bhailiú, a chomhordú agus a anailísiú

**Físeach**- Amharcléiritheoirí,Animoto, Wordle, Tagxedo, Photo-story....
**Éistitheach**– Audacity, Vocaroo, Audioboo......
**Léamhthuiscint**– Freerice, Studystack, Quizlet......
**Cinéistéiseach**– Tarzia, Cube Creator......

***Modhanna tacaíochta: Laethanta foirne uile (imlitir 002/2014), Uaireanta Pháirc an Chrócaigh, ranna ábhair/grúpaí múinteoirí /comhordaitheoirí (imlitir 0043/2014)***
***Tá sé riachtanach iarratas ar líne a chomhlíonadh @ www.pdst/schoolsupport ionas gur féidir d'iarratas a mheas***


## Eochairtheachtaireachtaí

- Ba chóir go mbeadh sprioc ag gach tasc scríbhneoireachta agus tuiscint ag an scríbhneoir ar a lucht léite.
- Caithfear na scileanna scríbhneoireachta a mhúineadh go sonrach agus a fhorbairt céim ar chéim.
- Moltar na seánraí agus na critéir ratha a bhaineann leo, a aithint tríd an léitheoireacht roimh thabhairt faoin scríbhneoireacht.

## Aidhmeanna na Ceardlainne

An bhfuil tuiscint níos fearr agat ar:

- an gcur chuige 4 chéim is coitianta a mholann teangeolaithe maidir le cothú scil na scríbhneoireachta
- an bpróiseas scríbhneoireachta agus dea-chleachtas inmholta ina leith
- na seánraí litríochta/scríbhneoireachta


Tacaíocht laistigh den scoil
PDST
www.pdst.ie/schoolsupport
Uimhir rolla na scoile
schoolsupport2019
Caithfidh an Príomhoide and fhoirm iarratais a líonadh isteach ar líne chun tacaíocht a fháil